Fíoruisce a dhéanamh

Coincheap—Is diomailt fuinnimh a bheith ag diomailt uisce

Fainic: gá le maoirseacht

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta

Turgnamh—Fainic: uisce beirithe, gá le cabhair!

Beidh gá agat le:

- Babhla mór teasdíonach
- Salann
- Dathú bia
- Scannán ceangailteach
- Babhla beag teasdíonach
- Bonn trom



1. Doirt timpeall 2cm uisce beirithe go cúramach isteach sa bhabhla mór.
2. Measc 3 thaespúnóg salainn agus dathú bia leis.
3. Cuir an babhla beag ina sheasamh sa bhabhla uisce beirithe.
4. Clúdaigh an babhla mór leis an scannán ceangailteach.
5. Cuir an bonn i lár an scannáin ceangailteach (murar féidir leis an scannán é a choimeád in airde b'fhéidir go mbeidh gá agat le fillteog phlaisteach níos láidre).
6. Tar éis cúpla uair an chloig beidh roinnt uisce bailithe istigh sa bhabhla beag.

Ba chóir go mbeadh an t-uisce sa bhabhla beag glan, gan a bheith goirt. Táir tar éis fíoruisce a dhriogadh ón uisce goirt daite sa bhabhla mór. Éiríonn gal uisce ón uisce goirt suas go dtí an clúdach plaisteach, fuaraíonn sé, comhdhlúthaíonn agus cruthaíonn braoiníní uisce, a ritheann isteach sa bhabhla beag. Driogaireacht a thugtar ar an bpróiseas sin.

Níl uisce glan ar fáil go saoráideach i mórán tíortha - is féidir a lán fuinnimh a chaitheamh le huisce glan so-ólta a dhéanamh. Sa turgnamh seo bhí gá againn le fuinneamh chun an t-uisce a théamh sa bhabhla mór. Déantar báisteach chomh maith i bpróiseas driogaireachta de shaghas: déanann teas na gréine an t-uisce a chur ag galú. Éiríonn an ghal uisce te agus buaileann le haer níos fionnuaire a chomhdhlúthaíonn i bhfoirm scamall. Nuair a éiríonn na braoiníní uisce sna scamaill róthrom titeann siad ina mbáisteach. (Féach an turgnamh ar thimthriall uisce ar lch 38.).